# Fhocail Réamhrá

## Siún Ní Raghallaigh Chathaoirleach ar Bhord RTÉ

Gabhaim buíochas leis an Chathaoirleach agus leis an Choiste as cuireadh a thabhairt dom teacht in bhur láthair inniu.

Mar is eol daoibh, ceapadh le tamall beag anuas mé i mo Chathaoirleach ar Bhord RTÉ, agus is breá liom mo chion féin a dhéanamh, i dteannta chomhaltaí eile an Bhoird agus an lucht Feidhmiúcháin, maidir le bealach nua a leagan amach os comhair an phríomhchraoltóra náisiúnta seirbhíse poiblí ionas go ndéantar a chothú agus a chóiriú i rith na mblianta seo amach romhainn.

Tá breis iomaíochta agus miondeighilt níos mó i gceist le réimse na meán cumarsáide ach bíonn ról lárnach le RTÉ i saol na hÉireann agus úsáid á bhaint gach seachtain ag naonúr as gach deichniúr duine fásta as ceann amháin ar a laghad de sheirbhísí RTÉ, rud a fhágann le háireamh iad ar na seirbhísí is minice úsáid sa tír. Cé go bhfuil iomaíocht ghéar le sárú ag gnás faire na teilifíse i gcoinne seirbhísí sruthchraolacháin, b'ábhar áthais don Bhord a thabhairt faoi deara gurbh cláracha de dhéantús na hÉireann 49 den 50 clár teilifíse ba mhó lucht féachana in Éirinn i rith na bliana 2022. RTÉ a chuir 44 den 50 clár sin ar fáil agus spéis mhór á cur ag dreamanna den lucht féachana i spórt beo, i gcláracha siamsaíochta, i gcláracha iontaofa nuachta, i gcláracha spéisiúla fíorasacha, i gcláracha faisnéise agus i gcláracha drámaíochta de chuid na tíre seo. Lean seirbhísí raidió RTÉ ag dul i gcion ar nach mór dhá mhilliún duine gach seachtain agus tá ábhar dea-phatrúin le tabhairt faoi deara maidir le suim glúnta níos óige de na daoine fásta a chothú.

Is de thairbhe shaothar iriseoirí, láithreoirí, eagarthóirí agus lucht déanta clár in RTÉ ab fhéidir cuid mhór dá bhfuil á bhaint amach a thabhairt i gcrích chomh maith leis an obair a dhéanann RTÉ i gcomhar leis an bpríomhpháirtnéir ábhair atá againn - earnáil na Léiritheoirí Neamhspleách. Rinne RTÉ i rith na bliana 2022 infheistíocht níos mó ná €43m in earnáil na léiritheoirí neamhspleácha agus oibríodh le 121 comhlacht léiriúcháin neamhspleách maidir le cláracha drámaíochta, grinn, siamsaíochta, fíorasacha, leanaí agus eile don teilifís chomh maith le 32 comhlacht léiriúcháin neamhspleách raidió, sin uile trí Aonad Léiriúchán Neamhspleách RTÉ. Ghnóthaigh lucht cruthaitheachta na hÉireann ar an dá thaobh den cheamara aitheantas domhanda sa bhliain 2022 a bhí tuillte

go maith acu, comhartha tráthúil go mbíonn caighdeáin de scoth an domhain á mbaint amach anois go seasta leanúnach anseo in Éirinn. Táthar ag tnúth le dlús breise fós a chur leis an gcaidreamh fónta atá againn cheana féin le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha.

Is cráite agus is géire an fhadhb ar fud an domhain i gcónaí fadhb na mífhaisnéise; ní féidir neamhshuim a dhéanamh den tábhacht atá le seirbhís náisiúnta nuachta atá iontaofa, neamhspleách, cothrom. Le seirbhísí sruthchraolta idirnáisiúnta ag dul i bhfeidhm níos mó, tá baol dáiríre ann i gcás na hÉireann go dtarlóidh tanú cultúir – bíonn olltábhacht le scéalaíocht náisiúnta, sna foirmeacha éagsúla uilig. Tá ról rímhór le RTÉ ag cur in aghaidh mífhaisnéise le fíorais, le dícheall docht iriseoireachta agus le neamhchlaontacht. Is é RTÉ scéalaí náisiúnta na hÉireann agus tá ról ar leith leis an eagraíocht dá bharr sin maidir le foirmeacha uile scéalaíocht na hÉireann a chothú agus a threisiú.

Craoladh níos mó ná 1,000 uair a chloig d'ábhar Gaeilge ar cheithre sheirbhís líneacha teilifíse RTÉ anuraidh, agus rinne RTÉ Raidió na Gaeltachta ceiliúradh ar 50 bliain ó thráth a bhunaithe, ionas gur neartaíodh pobal na Gaeltachta agus pobal na Gaeilge ar fud na tíre trína gcuid scéalta, a gcuid amhrán agus a gcuid ceoil a chur in iúl. In éineacht le TG4, rinne RTÉ freisin cion mór tairbhe maidir le cur chun cinn agus úsáid na teanga náisiúnta.

Dearbhaítear leis sin uilig an tábhacht atá leis na meáin chumarsáide náisiúnta seirbhíse poiblí mar ghné bhuntábhachtach den bhonneagar náisiúnta. Tá rogha níos fairsinge ná riamh á cur roimh an lucht féachana - ní hamháin maidir leis an ábhar a roghnaítear ach maidir leis an modh, an t-am agus an áit ina bhféachtar air. Tá gnólachtaí nua i ndiaidh a chéile ag teacht ar an margadh. Leanann ollchomhlachtaí domhanda atá sárshócmhainneach den infheistíocht in ábhar atá ríspéisiúil don lucht féachana domhanda, muintir na hÉireann san áireamh, agus, mar gheall ar an tóir mhór atá san am i láthair ar spórt beo, ag féachaint le cearta luachmhara spóirt a cheannach. Tá athrú tréan ag teacht freisin ar nósanna éisteachta agus géarú i gcónaí ar an tóir ar ábhar podchraolta den uile chineál, ar a éileamh.

Ní mór do RTÉ beart a dhéanamh maidir leis na hathruithe seo más linn a bheith chomh lárnach i saol ghlúin na linne seo agus a bhí dá dtuismitheoirí. Tá an acmhainn nuálaíochta agus an cumas dul in oiriúint lárnach maidir le rath na heagraíochta agus baineann deacrachtaí dúshlánacha leis sin. Is minic, ainneoin é a bheith riachtanach, go mbíonn athrú teicneolaíochta costasach. Le 15 bliana anuas, tá cuid mhór de na deiseanna a ghabhann le teicneolaíocht dhigiteach tapaithe ag RTÉ, ach caithfear tús áite a thabhairt d'infheistíocht bhreise i seirbhísí digiteacha agus do bhéim níos mó ar leibhéil bhreise iléagsúlachta taobh istigh den eagraíocht agus san ábhar. Cé go bhfuil ardaidhmeanna agus cuspóirí daingne ag an Bhord agus ag lucht Feidhmiúcháin RTÉ maidir le héabhlóid na heagraíochta san am atá romhainn, táthar airdeallach chomh maith maidir le réimsí baoil agus le bearta nach foláir a dhéanamh ionas go gcinntítear go leanann tábhacht leis an eagraíocht i dtólamh agus an staid airgeadais seasmhach daingean. Beidh roghanna le déanamh atá suntasach ó thaobh straitéise agus sinn ag smaoineamh i dtólamh ar

mhodhanna chun freastal níos fearr ar an lucht féachana agus éisteachta ainneoin srianta airgid.

Is é fírinne an tsaoil faoin tráth seo gur mó na daoine bliain i ndiaidh bliana a thapaíonn ábhar na meán cumarsáide, ábhar gairid nó cláracha agus altanna iomlána, ar ghléasanna digiteacha. Is eol dúinn uilig go bhfuil ardú tréan ar líon na dteaghlach atá 'Gan teilifíseán'. Cuireann sin uile freisin leis an tábhacht atá leis an chóras is bonn le maoiniú na meán cumarsáide seirbhíse poiblí a thabhairt ar aon dul le fírinne an cháis maidir leis na modhanna ina ndéantar na meáin sin a thapú. Mar is eol dúinn uile, agus mar atá admhaithe go foirmeálta againn uile, níl an táille do cheadúnas teilifíse mar atá i bhfeidhm san am i láthair ag teacht leis an dóigh ina dtapaíonn daoine na meáin chumarsáide agus ní mór cinneadh Rialtais agus plean maidir leis an chóras a leasú a chur i bhfeidhm gan mhoill ionas go gcinntítear go dtagann na meáin chumarsáide seirbhíse poiblí slán agus go dtagann borradh orthu.

Beidh ar RTÉ athchóiriú a dhéanamh chomh maith ar an straitéis tráchtála i ndáil le tapú na meán digiteach. Tá daonra na hÉireann róbheag go bhféadfaí meáin chumarsáide seirbhíse poiblí na tíre a chothú le táille ceadúnais as féin agus is tábhachtach dá réir sin go leanann RTÉ de bhearta chomh seiftiúil agus chomh cruthaitheach agus is féidir maidir le hioncam a chruthú ar mhaithe leis na dualgais chuimsitheacha a leagtar ar an eagraíocht a chomhlíonadh.

Fáiltím féin agus an Bord roimh chruthú Choimisiún na Meán a mbaineann lena chuid oibre a chinntiú go mbíonn córas meán cumarsáide agus meán ar líne in Éirinn atá faoi bhláth, iléagsúil agus sábháilte. Tá RTÉ ag tnúth le hoibriú leis an gCoimisiún maidir le spriocanna ardaidhme a leagan amach a shásóidh riachtanais lucht féachana agus éisteachta na hÉireann. Táthar ag tnúth chomh maith le hoibriú le lucht na reachtaíochta náisiúnta a bhfuil a gcion féin le déanamh acu maidir le creat reachtaíochta agus creat airgeadais a mhúnlú a bheidh ina bhonn daingean faoi bhunsraith na meán cumarsáide náisiúnta seirbhíse poiblí i rith na ndeich mbliana seo romhainn agus go ceann i bhfad.

Tá ré dhúshlánach romhainn ach is suntasach an deis atá ann freisin athshamhlú a dhéanamh ar RTÉ nua. An beart mór deireanach a rinneamar maidir le comhairliúchán poiblí (d'fhonn eolas a dhéanamh don ráiteas faoi sheirbhís phoiblí), cuireadh 9,826 freagra faoi bhráid – leibhéal rí-ard rannpháirtíochta agus léiriú ar an tábhacht atá leis an ábhar. Is sainordú soiléir torthaí an tsuirbhé sin maidir le craoladh seirbhíse poiblí: go háirithe; trína dheimhniú gur tábhachtach go mbíonn teacht ag an lucht féachana agus éisteachta ar réimse leathan ábhair ar ardchaighdeán as Éirinn; tríd an tábhacht le hiriseoireacht seirbhíse poiblí atá neamhspleách dáiríre a dheimhniú; agus trína aontú go sainráite gur tábhachtach an rud go mbeadh meáin chumarsáide seirbhíse poiblí dá cuid féin ag Éirinn.

Má oibrímid ar fad le chéile, go héifeachtúil, i rith na mblianta seo romhainn, tá mé cinnte gur féidir díol mórtais a fhágáil le hoidhreacht tar éis ár ndíchill.

Go raibh maith agaibh